



# Futa Fata – Ábhar Tacaíochta don Seomra Ranga

## An Phluais
## le David Gatward

Gabhann Futa Fata buíochas le COGG a thacaigh le foilsiú an ábhair thacaíochta seo.

An Chomhairle um Oideachas Gaeltachta & Gaelscolaíochta

## Faoin Leabhar:

Cailín óg í Aoife a bhfuil faitíos an domhain uirthi roimh bheith sáinnithe i spásanna cúnga. Nuair a shocraíonn a rang dul ar thuras scoile chuig Ionad Eachtraíochta, ní mór di dul i ngleic leis an bhfóibé atá uirthi.

## Faoin Údar:

Is as Sasana do David Gatward. Is breá leis scéalta uafáis a scríobh do pháistí agus do dhéagóirí. Chonaic sé a chéad taibhse nuair a bhí sé 6 bliana déag d'aois. Dhá bhliain ina dhiaidh sin, foilsíodh a chéad leabhar. Tá sé cáilithe mar mhúinteoir, ach a luaithe is a bhí a chéim bainte amach aige, chuaigh sé i mbun scríbhneoireachta. Tá tuilleadh eolais faoi David agus a chuid leabhar ag www.davidgatward.com

## Téamaí an Leabhair:

Fóibí – cineálacha eagla a bhíonn ar dhaoine
An chéad ghrá

## Cúlra an Scéil:

Ba bheag nár bádh David nuair a bhí sé 6 bliana d'aois. Bhí an-fhaitíos air roimh an uisce ina dhiaidh sin. Ní dheachaigh sé i ngleic leis an eagla sin go dtí go raibh sé ocht mbliana fichead d'aois. An rud a rinne sé leis an eagla a cheansú ná foghlaim conas snámh.

© 2014 Futa Fata. Tuilleadh eolais agus catalóg iomlán ar fáil ag www.futafata.ie

# An Clúdach

## Le plé:

Sula léann tú an leabhar, féach ar an gclúdach. Céard a chuireann sé in iúl? Tá sé ráite thuas go dtaitníonn scéalta uafáis leis an údar, ach an dóigh leat gur scéal uafáis é an leabhar seo? Cén fáth?

# Caibidil 1

## Cúpla ceist faoin téacs:

Déan cur síos ar an tromluí a bhí ag Aoife.

Cá raibh sí nuair a dhúisigh sí?

Cén fáth go raibh sí ann?

Cén fáth nár thaitin spóirt foirne le hAoife?

## Le plé sa rang:

Deir Aoife nach maith léi spóirt foirne. Is fearr léi bheith ag iomaíocht léi féin. Céard iad na buntáistí agus na míbhuntáistí is mó a bhaineann (a) le spóirt foirne agus (b) le spóirt aonaracha?

## Le déanamh:

Déan píchairt de na spóirt is deise leis an rang (nó leis an scoil, más i scoil bheag atá tú).
Cuimhnigh ar gach saghas spóirt! Mar shampla:

Spóirt Foirne (m.sh. Peil)

Spóirt Aonarcha (m.sh. rith)

Spóirt Teagmhála (m.sh. karate)

Spóirt Intinne (m.sh. ficheall)

Spóirt Uisce (m.sh. seoltóireacht)

# Caibidil 2

## Cúpla ceist faoin téacs:

Cén fáth nár bhain Aoife leis an 'lucht faiseanta' sa rang?

Cén fáth go raibh eagla uirthi go ndéanfadh sí óinseach di féin os comhair Dara?

An raibh Aoife ionraic lena cara Cáit faoina cuid mothúchán? Tabhair sampla ón téacs chun do fhreagra a léiriú.

© 2014 Futa Fata. Tuilleadh eolais agus catalóg iomlán ar fáil ag www.futafata.ie

Tá cur síos iontach ar bhéal na pluaise mar a shamhlaíonn Aoife é. Scríobh síos an abairt sin. Cén fáth gur mar sin a shamhlaigh Aoife an bealach isteach chuig an bpluais?



### Le plé sa rang:

Tá Aoife ag iarraidh an eagla atá uirthi a cheilt, ní hamháin ar Dhara, an buachaill a bhfuil cion aici air, ach ar a cara Cáit chomh maith. Cén fáth? Dá scaoilfeadh sí a rún le duine éigin, an gcabhródh sé sin léi? Conas?

An bhfuil aithne ag duine ar bith sa rang ar dhuine a bhfuil nó a raibh fóibe orthu? An mbíonn siad ag iarraidh dul i ngleic leis?

Chuaigh an t-údar i ngleic lena fhaitíos roimh an uisce nuair a d'fhoghlaim sé snámh.

Cén chomhairle a chuirfeá ar dhuine a bhfuil faitíos uafásach air nó uirthi roimh dhamhán alla, nó roimh chait?

### Le déanamh:

Luaitear foirmíochtaí carraige sa scéal. Tá siad seo le feiceáil i bPluais na hAille Buí, i gContae an Chláir agus i bPluais an Áirse Mharmair (Marble Arch) i gCo. Fhéar Manach. Téigh ar-líne agus aimsigh pluaiseanna eile ar fud na tíre. Marcáil ar léarscáil iad.

## Caibidil 3

### Cúpla ceist faoin téacs:

Cén fáth go mbíonn eagla ar dhaoine an chéad uair a théann siad faoin talamh, dar leis an teagascóir, Aoibheann?

Thug Aoife faoi deara go raibh sé difriúil bheith istigh sa phluais seachas mar a shamhlaigh sí. Cé na rudaí a bhí difriúil ón bpictiúr a bhí aici ina samhlaíocht?

Déan cur síos ar na rudaí áille a chonaic Aoife thíos sa phluais. Ar chabhraigh sé léi go raibh rudaí suimiúla le feiceáil thíos ann? Conas?

Cén dá rud a rinne Aoife agus í ag iarraidh déileáil leis an taom eagla a tháinig uirthi?

### Le plé sa rang:

Bhí an-cháil ar leabhar a tháinig amach roinnt blianta ó shin dar teideal 'Feel the Fear and Do it Anyway' Comhairle a bhí ann maidir le dul i ngleic le gnáthrudaí a chuireann eagla ar dhaoine a bhí ann – píosa cainte a dhéanamh os comhair slua, mar shampla. An bhfuil sé tábhachtach dul i ngleic le rudaí a chuireann eagla ort sa ghnáthshaol. Cén fáth?

### Le déanamh:

Smaoinigh ar na rudaí seo agus scríobh síos cé mhéad eagla a chuireann siad ort féin. Mura gcuireann siad eagla ar bith ort, scríobh 0, agus má chuireann siad faitíos do bháis ort, scríobh 10. Pioc uimhir idir 0 agus

© 2014 Futa Fata. Tuilleadh eolais agus catalóg iomlán ar fáil ag www.futafata.ie

10 le haghaidh gach ceann:
Dán a léamh os comhair slua mór
Tosnú i scoil nua gan aithne agat ar dhuine ar bith.
Ligean do dhamhán alla siúl ar do lámh
Siúl thar teach a bhfuil madra ann a bhíonn ag tafann go fíochmhar.
Dul suas in eitleán
Dul suas in ardaitheoir
Féachaint síos ó bharr foirgnimh tríocha stór ar airde

An bhfuil aon rud eile a chuireann eagla ort? Conas a d'fhéadfá dul i ngleic leis an eagla?


# Caibidil 4

## Cúpla ceist faoin téacs:

Tá áthas ar Aoife bheith ina haonar le Dara ach tá uafás uirthi a bheith imithe amú sa phluais. Tabhair dhá shampla ón téacs a léiríonn crógacht agus misneach Aoife. Tabhair dhá shampla a léiríonn an t-áthas atá uirthi a bheith le Dara.

## Le déanamh:

Lig ort féin gur tusa Aoife nó Dara. Scríobh alt dialainne faoin gcaoi a airíonn tú agus tú imithe amú sa phluais.



© 2014 Futa Fata. Tuilleadh eolais agus catalóg iomlán ar fáil ag www.futafata.ie

# Caibidil 5

## Cúpla ceist faoin téacs:

Conas a d'aimsigh Aoife an bealach amach as an bpluais?
Lig ort féin gur tuairisceoir nuachta tú. Scríobh amach an t-agallamh a chuirfeá ar Aoife agus ar Dhara tar éis na heachtra seo.

## Le plé sa rang:

Is minic go dtagann athrú ar charachtar ó thús go deireadh scéil. Tugann muintir Hollywood 'emotional journey' (aistear mothúchánach) ar an athrú sin. Cén t-athrú a bhí ar Aoife agus ar an gcaidreamh a bhí aici leis na carachtair eile ag deireadh an scéil seo? Luaigh trí rud ar a laghad.

## Le déanamh:

Thug cailín óg dárbh ainm Ashley léirmheas iontach don leabhar seo ar an Late Late Toy Show in 2012. Roghnaigh triúr ón rang le páirt a ghlacadh i radharc ón Toy Show – duine amháin i bpáirt Ryan Tubridy, duine leis nó léi i bpáirt duine ar thaitin 'An Phluais' go mór léi agus duine eile a cheap go raibh sé go dona. Roinn an rang i dtrí ghrúpa agus tugadh an grúpa tuairimí don triúr a bheidh ar an Toy Show maidir leis na ceisteanna is ceart a chur agus na freagraí is ceart a thabhairt.



Futa Fata

© 2014 Futa Fata. Tuilleadh eolais agus catalóg iomlán ar fáil ag www.futafata.ie